Gaisce the President's Award

THE INTERNATIONAL AWARD FOR YOUNG PEOPLE

2009

ANNUAL REPORT

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Clár

Teachtaireacht ón Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa **1**
Réamhrá an Chathaoirligh **2**
Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh **4**
Comhaltaí Chomhairle Gaisce – Gradam an Uachtaráin **6**
Foireann Gaisce – Gradam an Uachtaráin **7**

Clár an Ghradaim á Fhorbairt **8**
Comhpháirtíochtaí 9
An Gradam i dTuaisceart Éireann 10
Tar Éis Óir 11
Go hIdirnáisiúnta 13
Gníomhaíochtaí an Ghradaim i rith na Bliana 14

Tiomsú Airgid **15**
Forbairt an Ghradaim á maoiniú agus ag tacú léi 16

An Phróifíl á Cur Chun Cinn **18**
Cur Chun Cinn an Ghradaim 19

Dearbhú Cáilíochta **22**
Iontrálaithe don Ghradam 24

Rialachas **25**
Na Cuntais 27

Sonraí Teagmhála **Clúdach cúil**

Cover image: Sarah Gallagher from Maryborough, Cork on her Adventure Journey on Sherkin Island.

Contents

Message from President McAleese **1**
Chairman's Introduction **2**
Chief Executive's Report **4**
Members of the Council of Gaisce – The President's Award **6**
Staff of Gaisce – The President's Award **7**

Extending the Award Programme **8**
Partnerships 9
The Award in Northern Ireland 10
Tar Éis Óir 11
International 13
Award Activities During the Year 14

Fundraising **15**
Funding and Supporting the Development of the Award 16

Raising the Profile **18**
Promotion of the Award 19

Quality Assurance **22**
Entrants to the Award 24

Governance **25**
Accounts 27

Contact Information **Back cover**

Teachtaireacht ón Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa

Uachtarán na hÉireann
President of Ireland

Mary McAleese, Uachtarán na hÉireann, Patron of Gaisce

Is cúis áthais dom é an deis seo a ghlacadh chun súil a chaitheamh siar ar bhliain rathúil eile a bhí ag Gaisce agus táim ag súil go mór leis an gcomóradh fiche cúig bliana a cheiliúradh in 2010.

Is mór an t-ábhar misnigh dom an díograis leanúnach atá ag rannpháirtithe agus cinnirí Gaisce a fheiceáil fiú agus leis an timpeallacht gheilleagrach dheacair atá rompu. Léirítear go soiléir le gradam Gaisce uaillmhian agus tiomantas an duine óig do na caighdeáin is airde. Sa lá atá inniu ann agus an méid iomaíochta atá i gceist, is comhartha é gradam Gaisce d'fhostóirí agus institiúidí acadúla féideartha go bhfuil tionscnaíocht agus spreagthacht ag an duine a fuair an gradam chun spriocanna pearsanta dúshlánacha a leagan síos agus go bhfuil an fhéith agus buanseasmhacht iontu chun iad a bhaint amach.

Anois fiche cúig bliana bainte amach, leanann Gaisce ag spreagadh daoine óga ar fud na hÉireann, ag cur dúshláin rompu agus ag tabhairt ionsparáide dóibh. Tá iliomad cúiseanna ann ar éirigh chomh maith le Gaisce, ach an chúis is mó ná toilteanas agus diongbháilteacht líon mór daoine óga a chuireann iad féin faoi thriail agus iad ar thuras féinfhollasaithe. Níl sé éasca ar chor ar bith gradam a bhaint amach; éilítear fíorthiomantas agus díograis leanúnach thar tréimhse fada. Gach bliain, leagann na rannpháirtithe spriocanna amach ina gcuirfear faoi dhúshlán iad go fisiciúil agus go meabhrach, spriocanna ina bhfuil diongbháilteacht, misneach agus crógacht de dhíth. Agus na dúshláin seo á mbaint amach, ní hamháin go gcuireann na rannpháirtithe feabhas orthu féin mar shaoránaigh ghníomhacha; ach tá ionchur an-luachmhar á dhéanamh acu ina scoileanna, coláistí agus pobail. Gné ríthábhachtach eile de Gaisce is ea Ceannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna), oibrithe deonacha a thugann an méid sin ama agus tiomantais le dul in éineacht leis na rannpháirtithe ar a dturas. Gabhaim buíochas leo as an gceannasaíocht agus tacaíocht atá léirithe acu. Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil le foireann Gaisce, a rinne obair den scoth faoi threoir an Chathaoirligh agus na Comhairle le beogacht agus ábharthacht na ngradam a chinntiú.

Ba mhaith liom comhghairdeas faoi leith a dhéanamh leis na rannpháirtithe uile, na PALanna agus oifigigh Gaisce don obair iontach a rinne siad in 2009 agus guím gach rath oraibh amach anseo.

MÁIRE MHIC GHIOLLA ÍOSA
UACHTARÁN NA hÉIREANN

Message from President McAleese

Uachtarán na hÉireann
President of Ireland

I am delighted to take this opportunity to review yet another successful year at Gaisce and to look forward to its twenty-fifth anniversary celebrations in 2010.

I am heartened to see the continued enthusiasm of Gaisce participants and leaders even when faced with a difficult economic environment. A Gaisce award is a clear demonstration of a young person's ambition and commitment to the highest standards. In an increasingly competitive world, a Gaisce award is a signal to potential employers and academic institutions that the awardee has the initiative and motivation to set challenging personal goals and the talent and perseverance to achieve these goals.

Now a quarter of a century old, Gaisce continues to motivate, challenge and inspire young people throughout Ireland. The secrets of its success are many but first and foremost is the willingness and determination of so many young people to test themselves on a journey of self-discovery. Gaining an award is far from easy; it demands real commitment and sustained enthusiasm over a lengthy period. Each year, participants set goals that will challenge them physically and mentally, goals that require determination, courage and resilience. In meeting these challenges, participants are not only improving themselves as active citizens; they are also making an invaluable contribution to their schools, colleges and communities. A key element of Gaisce remains the President Award Leaders (PALs), volunteers who give so much time and commitment to accompanying Gaisce participants on their journey. I thank them for the leadership and support they have shown. In addition, I would like the thank the Gaisce team, who under the guidance of the Chairman and the Council have done wonderful work in ensuring the ongoing vitality and relevance of the awards.

My sincerest congratulations to all participants, PALs and Gaisce officials for their marvellous work in 2009 and I wish you many continued successes in the future.

MARY McALEESE
PRESIDENT OF IRELAND

Réamhrá an Chathaoirligh

Is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil Gaisce – Gradam an Uachtaráin – 2009 a chur faoi do bhráid.

Ba bhliain ghnóthach í 2009 do Gaisce agus ba bhliain an-deacair í leis an gcor chun donais eacnamaíoch a tharla dúinn. Leis an bhfás leanúnach i gcúrsaí dífhostaíochta, go háirithe i measc daoine óga, leagtar tuilleadh béime ar thábhacht na hoibre a dhéanaimid i measc daoine óga chun iad a chur chun cinn i gcúrsaí oideachais agus lena mbonn scileanna.

I mbliana, 2010, beidh 25 bliana bainte amach ó cuireadh tús le Gaisce. Ó bunaíodh é i 1985 tá níos mó ná 100,000 Gradam bainte amach ag ár ndaoine óga. Ba mhaith liom ómós a thabhairt do na mílte duine a rinne ionchur ar leith agus ionchur suntasach leis an nGradam a chruthú mar atá sé inniu. Tá sé beartaithe againn na mórghníomhartha seo a chomóradh trí bhealaí éagsúla. Ceann amháin díobh seo ná bronnadh a dhéanfaidh an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa de bhonn a bheidh ainmnithe chun onóir a thabhairt dár bpátrún bunaidh, an tUachtarán Pádraig Ó hIrghile agus dóibh siúd a thug seirbhís 25 bliana do chlár an Ghradaim agus tá sé beartaithe againn go mbeidh sé ina imeacht bliantúil.

Le linn na bliana leanamar leis an ngaol a fhorbairt idir sinn agus ár gcomheagraíocht i dTuaisceart Éireann, Gradam Duke of Edinburgh. Leanamar freisin leis an gcaidreamh a fhorbairt atá againn leis an eagraíocht domhanda agus le Cumann Ghradam *Duke of Edinburgh*. Is mó an luach é seo dúinn le coinneáil ar an eolas maidir leis na forbairtí éagsúla thar an 129 tír ina bhfuil an Gradam ag feidhmiú anois, agus leis na caighdeáin dea-chleachtais a fhorbairt freisin.

Tá achoimre ar ár Ráiteas Airgeadais mar a bhí iniúchta ag PriceWaterhouseCoopers do 2009 leagtha amach ar leathanaigh 27 agus 28.

An t-ioncam iomlán don bhliain ba ea €1.12 milliún – laghdú beag ó 2008. An t-athrú ba mhó ba ea laghdú €73,000 i ndeontas an Rialtais. Chomh maith leis sin, mar fhreagra ar na cúinsí geilleagracha a bhí go dona, chinneamar, mar bheart sealadach amháin, gan an comórtas gailf a reáchtáil i 2009. Caiteachas iomlán don bhliain ba ea €1.07 milliún – laghdú de níos mó ná €100,000 ón mbliain roimhe.

Dr. Laurence Crowley, Chairman.

Chairman's Introduction

I am very pleased to present to you the 2009 Annual Report of Gaisce – The President's Award.

This has been a busy year for Gaisce and a very difficult one with the severe economic down turn which we have experienced. The persistent growth in unemployment, particularly amongst younger people, emphasises even more the importance of the work we do amongst young people in furthering their education and skill base.

The current year 2010 marks the 25th anniversary of the creation of the Award. Since its establishment in 1985 close to 100,000 Awards have been earned by our young people. I would like to pay a very sincere tribute to the thousands of people who have made such varying and significant contributions to making the Award what it is today. We are planning to mark this achievement in various ways. One of these will be the presentation by President McAleese of a medal named to honour our founding patron President Patrick Hillery to those who have given 25 years service to the Award programme and we plan this to be an annual event.

During the year we have continued to develop our relationship with our partner organisation the Duke of Edinburgh's Award in Northern Ireland. We have also continued to develop our interaction with the world organisation the Duke of Edinburgh's International Award Association. This is valuable to us in keeping us informed of various developments across the 129 countries in which the Award now operates and in developing standards of best practice.

A summary of our Financial Statement as audited by PriceWaterhouseCoopers for 2009 is set out on pages 27 and 28.

Our total income for the year amounted to €1.12 million – a small decrease on 2008. The biggest change was a reduction of €73,000 in the Government grant. In addition, in response to the severe economic conditions we decided, as a purely temporary measure, not to hold the golf challenge in 2009. Total expenditure for the year amounted to €1.07 million – a decrease of over €100,000 from the previous year.

An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Mar gheall ar na cúinsí reatha bhí an feidhmeannas an-aireach agus an caiteachas á rialú agus leis an ioncam a uasmhéadú. Le linn na gcúinsí seo ba inmholta é barrachas €45,336 a bhaint amach don bhliain.

Léirítear staid shásúil leis an gClár Comhardaithe mar a bhí ar 31 Nollaig 2009. Níl dallamullóg ar bith orainn, áfach, maidir leis na deacrachtaí atá romhainn sa bhliain reatha 2010. Tá gá le bheith aireach go leanúnach maidir le gach mír caiteachais agus ioncaim.

Is gné ríthábhachtach í an tacaíocht fhorleathan dheonach a thugann líon mór daoine do Gaisce inár gcuid oibre le daoine óga a chumasú ionas gur féidir leo an acmhainneacht atá iontu a bhaint amach. Agus buíochas á ghabháil libh ar fad, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis na daoine seo a leanas;

An tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa don spreagadh iontach a thug sí agus don tiomantas atá aici dár gcuid oibre agus don Dr. Martin Mac Giolla Íosa a thugann an-chuid tacaíochta dúinn agus atá an-fhlaithiúil lena chuid ama.

An 800 Ceannaire Gradaim den Uachtaráin atá againn a léiríonn tacaíocht dheonach iontach dár rannpháirtithe.

An Chomhairle atá againn atá chomh flaithiúil agus a cuid ama agus scileanna á dtabhairt dúinn ar son Gaisce.

Na Comhaltaí Comhairleacha, na tabharthóirí agus an lucht tacaíochta atá againn.

An Roinn Sláinte agus Leanaí.

Ar deireadh, thar ceann na Comhairle is mian liom ár mbuíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach atá chomh tiomanta sin, Barney Callaghan, agus leis an bhfoireann uile atá againn, atá chomh díograiseach, agus a théann níos faide ná mar atá de chúram orthu.



Dr. Laurence Crowley
Cathaoirleach
Gaisce – Gradam an Uachtaráin

In the light of current conditions the executive exercised great vigilance in controlling expenditure and maximising income. Achieving a surplus of €45,336 for the year was very commendable in the circumstances.

The Balance Sheet at 31st December 2009 shows a satisfactory situation. However, we have no illusions about the difficulties we face in the current year 2010. Continued vigilance on all items of income and expenditure is required.

The extensive voluntary support given to Gaisce by so many is an absolutely critical factor in our work in enabling young people to achieve their potential. In thanking all of you, I would like to especially mention;

President Mary McAleese for her great encouragement and commitment to our work and Dr Martin McAleese who is so supportive and generous with his time.

Our 800 President's Award Leaders who display such wonderful volunteering support to our participants.

Our Council who give of their time and skill so generously for the benefit of Gaisce.

Our Advisory Members, donors and supporters.

The Department of Health and Children.

Finally, on behalf of the Council may I extend our gratitude to our most committed Chief Executive, Barney Callaghan and our most dedicated staff all of whom work beyond the call of duty.



Dr. Laurence Crowley
Chairman
Gaisce – The President's Award

Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

Is cúis pribhléide dom í ionchur a bheith agam sa Tuarascáil Bhliantúil seo ag deireadh bliana a bhí an-dúshlánach ach ar éirigh thar cionn le Gaisce. Clárúcháin nua ba ea 16,667 (ardú 16.9%) don na Gradaim Cré-Umha, Airgid agus Óir agus bronnadh 7,416 Gradam ag searmanais Ghradaim ar fud na tíre:: 6,784 Gradam Cré-Umha, 580 Gradam Airgid agus 52 Gradam Óir. Bhí líon mór de mhuintir mór-le-rá na hÉireann a thug a gcuid ama go flaithiúil le Gradam an Uachtaráin de Gaisce a bhronnadh ar dhaoine óga.

Thug baill de Tar Éis Óir (TÉÓ), sealbhóirí Gradaim Óir agus rannpháirtithe Gradaim eile tacaíocht do Gaisce ag imeachtaí náisiúnta iomráiteacha agus éagsúla agus bhí siad rannpháirteach in imeachtaí idirnáisiúnta ar fud na hEorpa. Bhí ionadaithe ag Gaisce ag an bhfóram Gradaim Idirnáisiúnta san Astráil agus bhí sealbhóirí an Ghradaim Óir lárnach do dhearadh agus reáchtáil na Comhdhála Eorpaí ar an mBeartas don Óige a bhí ar siúl sa Ríocht Aontaithe. Bhí ball TÉÓ atá ag obair in Kosovo a d'éascaigh é do Gaisce le triúr rannpháirtithe Gradaim ó Kosovo a chlárú chun tús a chur lena nGradam sula gcuirfear tús leis an nGradam ina dtír féin.

Le forfheidhmiú de chéim a trí d'athbhreithniú cáilíochta, atá bunaithe ar na caighdeáin, curtha i gcrích chomh maith le hathbhreithniú ginearálta ar ár gcaighdeáin, mar chuid dár gcreidiúnú le Cumann Idirnáisiúnta na nGradam (IAA), tá Gaisce comhlíontach go hiomlán anois. D'éirigh le Gaisce deontas do Thionscadail ar Leith de Stg£8,000 a fháil ón IAA le dul chun cinn a dhéanamh ar an acmhainn oiliúna atá againn.

Tá fás leanúnach ag teacht ar an bhfáil atá ar na Gradaim Gaisce i dTuaisceart Éireann agus tá fás agus forbairt ag teacht ar an ngaol atá againn lenár gcomhghleacaithe sa Ghradam Duke of Edinburgh i dTuaisceart Éireann.

Tá Óglaigh na hÉireann ag tacú le Gaisce le beagnach fiche cúig bliana agus fuair fiche a sé duine óg taithí saoil as an turas eachtraíochta bliantúil a rinne siad, a d'éascaigh foireann an 2ú Reisimint Airtléire Machaire lena gcuid saineolais. Leanamar lenár

Barney Callaghan, Chief Executive.

Chief Executive's Report

I am greatly honoured to contribute to this Annual Report at the end of a very challenging and successful year for Gaisce. New registrations reached **16,667 (16.9% increase)** for Bronze, Silver and Gold Awards and at Award ceremonies throughout the country 7,416 Awards were presented: **6,784** Bronze, **580** Silver and **52** Gold. A variety of people prominent in Irish life generously gave of their time to present Gaisce President's Award to young people.

Tar Éis Óir (TÉÓ) members, Gold Award holders and other Award participants supported Gaisce at a variety of high profile national events and they participated in international events across Europe. Gaisce was represented at the International Award forum in Australia and Gold Award holders were central to the design and delivery of a European Conference on Youth Policy in the UK. A TÉÓ member working in Kosovo facilitated Gaisce to register three Award participants from Kosovo to commence their Award in advance of the Award being setup in their own country.

The implementation of phase three of a standards based review of quality was completed and a general review of our standards, as part of our accreditation with the International Award Association (IAA), sees Gaisce fully compliant. Gaisce secured a Stg£8,000 International Special Projects grant form the IAA to further the development of our training capacity.

Access to Gaisce Awards continues to grow in Northern Ireland and our relationship with our colleagues in the Duke of Edinburgh's Award in Northern Ireland is continuing to grow and develop.

The Defence Forces have supported Gaisce for almost twenty five years and the annual adventure journey provided twenty six young people with the experience of a lifetime, expertly facilitated by the personnel of the 2nd Field Artillery Regiment. We continued to develop our relationship with An Garda Síochána and were delighted to send a Garda delegation to view the operation of the Award at

gcaidreamh leis an nGarda Síochána a fhorbairt agus ba chúis áthais í dúinn toscaireacht den Gharda Síochána a chur chun amharc ar fheidhmiú an Ghradaim ag Acadamh Phóilíní na Tuirce. Tá Gaisce an-bhuíoch de Cheann Foirne Óglaigh na hÉireann, an Leifteanant Ghinearál Dermot Earley agus Coimisinéir na nGardaí Fachtna Murphy don síorthacaíocht leanúnach a thugann siad dúinn.

Tá príomhfhoilseacháin uile Gaisce i nGaeilge agus i mBéarla agus leanaimid ar aghaidh agus forbairt á déanamh ar ár n-acmhainn Ghaeilge.

Cuirtear go mór leis an íomhá atá againn agus an obair a dhéanaimid trí thacaíocht leanúnach agus inspioráideach a fháil ónár bpátrún an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa agus a fear céile an Dr. Martin Mac Giolla Íosa agus leis an tacaíocht agus ceannasaíocht luachmhar seo déantar sinn a neartú sa chomhthéacs idirnáisiúnta.

Ní bheadh Gaisce ann mar atá sé, ná ní bheadh sé chomh héifeachtach is atá sé, mar chlár forbartha pearsanta do dhaoine óga, ach amháin leis an obair fhlaithiúil agus neamhleithleach atá déanta ag Ceannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) a oibríonn go deonach. Glacaim buíochas leo as an méid a dhéanann siad agus as an ionchur a dhéanann siad leis an tsochaí a fhorbairt san oileán seo.

Táim an-bhuíoch den Chomhairle a oibríonn ar bhonn dheonach don tacaíocht leanúnach a thugann siad dúinn agus den Chathaoirleach Dr. Laurence Crowley don cheannasaíocht agus tiomantas a léiríonn sé i dtreo obair Gaisce.

Ar deireadh, ní mór dom aitheantas a thabhairt do mo chomhoibrithe agus mo chuid cairde calma in Gaisce agus buíochas a ghabháil leo as an tiomantas leanúnach a léiríonn siad do na daoine óga a bhfreastalaímid orthu mar cheannairí. Is ionchur mór é don rath leanúnach atá orainn an cur chuige cruthaitheach agus solúbtha atá acu i dtreo obair óige. Tugann an tuarascáil seo cuntas ar na mionsonraí dár gcuid gníomhaíochtaí i rith 2009.

Le gach dea-mhéin

P. G. Callaghan (Barney)
Príomhfheidhmeannach
Gaisce – Gradam an Uachtaráin

the Turkish Police Academy. Gaisce is very grateful to the Chief of Staff of the Defence Forces Lt. General Dermot Earley and Garda Commissioner Fachtna Murphy for their longstanding and ongoing support.

All Gaisce's main publications are in Gaeilge and English and we continued to develop our Irish language capacity.

Our reputation and work is greatly enhanced by the continued and inspiring support of our patron President Mary McAleese and her husband Dr. Martin McAleese and this valuable support and leadership greatly enhances us in the international context.

Gaisce would not exist as it does, nor be as effective as it is, as a personal development programme for young people but for the generous and selfless work of our voluntary President's Award Leaders (PALs). I thank them for all that they do and for their contribution to the development of society on this island.

I am very grateful to our voluntary Council for their ongoing support and to our Chairman Dr. Laurence Crowley for his leadership and commitment to the work of Gaisce.

Finally, I must acknowledge and thank my stalwart co-workers and friends in Gaisce for their consistent commitment to the young people we serve and their leaders. Their creative and flexible approach to youth work is a significant contributor to our ongoing success. This report outlines the details of our activity throughout 2009.

Le gach dea-mhéin

P. G. Callaghan (Barney)
Chief Executive
Gaisce – The President's Award

Comhaltaí Chomhairle Gaisce – Gradam an Uachtaráin

Dr. Laurence Crowley, *Cathaoirleach*

John McCormick, *Leas-Chathaoirleach, Gaisce; Comhairle Náisiúnta Óige Thuaisceart Éireann*

Niamh Clarke, *Síceolaí Sinsearach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Longfort/An Iarmhí*

Brian Collinge, *Ceannasaí ar Phrótacal, Oifig an Taoisigh*

John Coonan, *Bainisteoir Altra Cliniciúil ar Scor agus Comhairleoir*

Gerry Costigan, *Múinteoir, Coláiste Mhuire na Trócaire, Beaumont, Baile Átha Cliath*

Ann Dunne, *Bainisteoir, Ionad Cultúrtha*

Audrey Hagerty, *Príomhoifigeach, An Roinn Sláinte agus Leanaí (níl grianghraf san áireamh)*

John Hurley, *Múinteoir Meánscoile ar Scor agus Ball den Seanad, Ollscoil na hÉireann*

Philip Jones, *Ceannaire Gasóige, BSc.Scoláire Rialtais, Roinn an Rialtais, An Coláiste Ollscoile, Corcaigh*

Pat Larkin, *Múinteoir, Meánscoil Sheosaimh de Cluny, Cill Iníon Léinín*

Nóirín Ni Mhaoldhomhnaigh, *Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, Scoil Náiisúnta Naomh Seosamh do Chailíní, Fionnghlas Thiar*

Sheila O'Keeffe, *Príomhoide Riaracháin Scoile*

Sean Rogers, *Príomhoide Scoile ar Scor agus Comhairleoir Ceantair*

Dr. Catherine Sweeney, *Scoil na Cógaisíochta, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn*

Members of the Council of Gaisce – The President's Award

Dr. Laurence Crowley, *Chairman*

John McCormick, *Vice-Chairman, Gaisce; Youth Council for Northern Ireland*

Niamh Clarke, *Senior Psychologist, Health Service Executive, Longford/Westmeath*

Brian Collinge, *Head of Protocol, Taoiseach's Office*

John Coonan, *Retired Clinical Nurse Manager and Councillor*

Gerry Costigan, *Teacher, Our Lady of Mercy College, Beaumont, Dublin*

Ann Dunne, *Manager, Cultural Centre*

Audrey Hagerty, *Principal Officer, Dept of Health and Children (photo not included)*

John Hurley, *Retired Secondary Teacher and Member of the Senate, NUI*

Philip Jones, *Scouter, BSc.Government Academic, Department of Government,University College Cork*

Pat Larkin, *Teacher, St. Joseph of Cluny Secondary School, Killiney*

Nóirín Ni Mhaoldhomhnaigh, *Home School Community Liaison Coordinator, St. Joseph's G.N.S. Finglas West*

Sheila O'Keeffe, *Administrative School Principal*

Sean Rogers, *Retired School Principal and District Councillor*

Dr. Catherine Sweeney, *School of Pharmacy, Royal College of Surgeons in Ireland*

Foireann Gaisce – Gradam an Uachtaráin

Barney Callaghan	*Príomhfheidhmeannach*
John T. Murphy	*Stiúrthóir Forbartha*
Margaret Murtagh	*Bainisteoir na hOifige Náisiúnta*
Marion Irwin	*Bainisteoir Tionscadal – Comhpháirtíochtaí*
Majella Killeen	*Oifigeach Forbartha Réigiúnaí – An tIarthar/An tIarthuaisceart*
Mary Yore	*Oifigeach Forbartha Réigiúnaí – An tOirthuaisceart*
Stephen Peers	*Oifigeach Forbartha Réigiúnaí – An Deisceart*
Ann Moore	*Feidhmeannach Oifige*
Michael Collins	*Oifigeach Forbartha Trasteorann*
Miceal Maguire	*Oifigeach Forbartha – Tuaisceart Éireann*

Staff of Gaisce – The President's Award

Barney Callaghan	*Chief Executive*
John T. Murphy	*Director of Development*
Margaret Murtagh	*National Office Manager*
Marion Irwin	*Project Manager – Partnerships*
Majella Killeen	*Regional Development Officer – West/North West*
Mary Yore	*Regional Development Officer – North East*
Stephen Peers	*Regional Development Officer – South*
Ann Moore	*Office Executive*
Michael Collins	*Cross Border Development Officer*
Miceal Maguire	*Development Officer – Northern Ireland*

'Five Scouts Together'
Johnny Brennan, Scouting Ireland; Barney Callaghan, Chief Executive, Gaisce – The President's Award; Michael John Shinnick Chief Scout; John T. Murphy, Gaisce; Kiernan Gildea, Scouting Ireland pictured at Dublin Castle following agreement on incorporating the Gaisce programme into the Scouting Ireland Youth Programme.

CUID 1

CLÁR AN GHRADAIM Á FHORBAIRT

SECTION 1

EXTENDING THE AWARD PROGRAMME

Comhpháirtíochtaí

Agus Gaisce i mbun an idéil le bheith ina eagraíocht ina bhfuil an obair a dhéantar lárnach d'fhorbairt daoine óga, na ceannairí a bheidh againn amach anseo, do chruthú creatlaigh shóisialta dhearfaigh agus d'fhorbairt ar shaoránacht ghníomhach tá Gaisce ag díriú ar chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le grúpaí ar fud oileán na hÉireann. Táimid i mbun ár misean a chur i gcrích go fuinniúil "cur le forbairt gach duine óg trí dhúshláin phearsanta a bhaint amach". Le linn na bliana d'oibrigh muid díreach le grúpaí agus daoine aonair éagsúla le clár an Ghradaim a fhorbairt. I measc na n-eagraíochtaí lena bhfuil baint againn leo tá na cinn seo a leanas:

An Garda Síochána
Banóglaigh Chaitliceacha na hÉireann
Fondúireacht Cope
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Sraithchomórtas Sacair Chorcaí do Chailíní Scoile
Óglaigh na hÉireann
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
ECO UNESCO
Foróige
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo
Tionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána don Óige
Banóglaigh na hÉireann
Seirbhís Príosún na hÉireann
Cumann Croise Deirge na hÉireann
Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Ceannasaíocht Luca
Macra na Feirme
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
Ord Mhálta
Rotaract
Coláiste Phádraig, Durlas
Coláiste Phádraig, Droim Conrach
Gasóga Éireann
Oilimpeacha Speisialta
Ag Trasnú Droichead, Béal Feirste
Grúpaí Lucht Siúil
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil Luimnigh
Grúpaí Ógtheagmhála
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Údaráis Oibriúcháin

Is eagraíochtaí iad na hÚdaráis Oibriúcháin atá in ann an Gradam a fheidhmiú faoi cheadúnas ó Gaisce agus is cuspóir straitéiseach de Gaisce í forbairt na nÚdarás Oibriúcháin. Mar chéim i dtreo an chuspóra straitéisigh sin tá comhpháirtíochtaí á bhforbairt le heagraíochtaí óige agus tá meabhráin tuisceana á n-ullmhú leis na comhpháirtíochtaí a dhéanamh go foirmiúil le Gasóga na hÉireann agus le Cumann Croise Deirge na hÉireann ar dtús.

Partnerships

In pursuit of the ideal of being an organisation whose work is central to the development of young people, future leaders, the formation of a positive social fabric and the growth of active citizenship Gaisce has a focus on developing partnerships with groups across the island of Ireland. We are pursuing with vigour our mission "to contribute to the development of all young people through the achievement of personal challenges". Throughout the year we have worked directly with many groups and individuals to extend the Award programme. Among the organisations we have a relationship with are:

An Garda Síochána
Catholic Guides of Ireland
Cope Foundation
Cork Institute of Technology
Cork Schoolgirls Soccer League
Defence Forces
Dublin Institute of Technology
Dublin City University
ECO UNESCO
Foróige
Galway/Mayo Institute of Technology
Garda Youth Diversion Projects
Garda Síochána
Irish Girl Guides
Irish Prison Service
Irish Red Cross
Irish Youth Justice Service
Letterkenny Institute of Technology
Luca Leadership
Macra na Feirme
Mary Immaculate College, Limerick
National University of Ireland Galway
National University of Ireland Maynooth
Order of Malta
Rotaract
St. Patrick's College, Thurles
St. Patrick's College, Drumcondra
Scouting Ireland
Special Olympics
Crossing the Bridges, Belfast
Traveller Groups
Trinity College Dublin
University College Cork
University College Dublin
University of Limerick
Youthreach Groups
Waterford Institute of Technology

Operating Authorities

Operating Authorities are organizations which may operate the Award under licence from Gaisce and the development of Operating Authorities is a strategic objective of Gaisce. As a step towards that strategic objective partnerships are being developed with youth organizations and memorandums of understanding are being prepared to formalize those partnerships initially with Scouting Ireland and the Irish Red Cross.

Tuaisceart Éireann

Arís, le linn 2009, d'fhás an Gradam i dTuaisceart Éireann agus lean an comhoibriú idir Gaisce – Gradam an Uachtaráin agus an Gradam *Duke of Edinburgh*.

Le comhpháirtíocht an dá Ghradam déantar líon gníomhaíochtaí a sholáthar don chlár 'Ag Trasnú Droichead' atá go bunúsach mar thionscadal um thógáil ar athmhuintearas agus caidreamh pobail atá lonnaithe i Mórcheantar Bhéal Feirste ina bhfuil 8 ngrúpa óige i gceist – 4 cinn i gceantair náisiúnacha Iarthar Bhéal Feirste agus 4 cinn i gceantair dílseoirí Dheisceart agus Oirthear Bhéal Feirste. Tá 96 duine óg ann a bhí ag obair ar na gnéithe sin den Ghradam a fheileann don rannpháirtíocht i ngrúpaí agus, nuair nach raibh an Gradam á mbaint amach acu, bhí baint acu le gníomhaíochtaí eile a bhí beartaithe chun an comh-mheas a mhéadú ar chultúir agus ar thraidisiúin a chéile.

Cuireadh oiliúint ar na PALanna a bhí i gceist chun iad a réiteach ionas go mbeidh siad in ann déileáil le saincheisteanna conspóideacha agus tá forbairt á déanamh ar an tionscadal le go mbeadh sé mar shamhail an-éifeachtúil d'obair um chaidreamh pobail. Bhí ról lárnach ag Stephen Hughes, a dhéanann Club Óige Corpus Christi a bhainistiú, agus an tionscadal seo á fhorbairt agus, in éineacht le duine de na chéad rannpháirtithe, Conor Captain, chuir siad an clár i láthair ag Comhdháil Idirnáisiúnta ar bheartas don óige a bhí ar siúl in Windsor go luath in 2009. Bhí na scéalta a thug Conor ar a chuid taithí mar bhuaicphointe na comhdhála.

I mí an Mheithimh 2009, bronnadh 49 duine óg leis na Gradaim Airgid agus Cré-Umha den *Duke of Edinburgh* agus de Ghradam an Uachtaráin le linn searmanais an-speisialta i mBaile an Irbhinigh i gCo. Fhear Manach a d'eagraigh Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair. Bhronn William Sayers, comhalta de Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann den Ghradam *Duke of Edinburgh*, agus Barney Callaghan ó Gaisce Gradaim ar dhaoine óga ó scoileanna agus grúpaí óige ar fud Fhear Manach agus Thír Eoghain.

D'imigh Eric Rainey ar scor tar éis seirbhís saoil a thabhairt don Ghradam agus guímid gach sonas air sa todhchaí. Tá Kate Thompson ceaptha mar an Stiúrthóir nua agus bhí sí gníomhach mar oibrí deonach sa Ghradam *Duke of Edinburgh* thar na blianta agus bhí baint aici le himeacht Óir na Mílaoise in 1999. Guímid gach rath uirthi agus táimid ag súil go mór le bheith ag obair léi amach anseo.

Northern Ireland

The year 2009 was another one of growth in the Award in Northern Ireland and continuing co-operation between Gaisce – The President's Award and the Duke of Edinburgh's Award.

The Joint Award has provided a core of activities for the Crossing Bridges programme which is essentially a reconciliation and community relations building project located in the Greater Belfast area involving 8 youth groups – 4 in nationalist areas of West Belfast and 4 in loyalist areas of South and East Belfast. 96 young people have been working on those elements of the Award that are suited to group participation and, when not completing the Award, have been involved in other activities which have been planned to increase mutual respect for each other's culture and traditions.

The PALs involved have undergone training to equip them to deal with contentious issues and the project is developing into a very effective model for community relations work. Stephen Hughes, who manages Corpus Christi Youth Club, has played a key role in developing this project and he, together with one of the first participants, Conor Captain, presented the programme to an International Conference on youth policy held in Windsor in early 2009. Conor's reflections on his experiences of the Award were a highlight of the conference.

In June 2009 , 49 young people were presented with Silver and Bronze Duke of Edinburgh and President's Awards during a very special ceremony, in Irvinestown, Co. Fermanagh organised by the Western Education and Library Board. Awards were presented to young people from schools and youth groups across Fermanagh and Tyrone by William Sayers, a member of the Northern Ireland Advisory Committee of the Duke of Edinburgh's Award and Barney Callaghan from Gaisce.

Eric Rainey retired after a lifetime of service to the Award and we wish him great happiness in the future. Kate Thompson is the new Director she has been active as a volunteer in The Duke of Edinburgh's Award over a number of years and was involved in the Millennium Gold event in 1999. We wish her well and look forward to working with her in the future.

Tar Éis Óir

Is é atá i gceist le Tar Éis Óir (TÉÓ) ná an Comhaltas do Bhuaiteoirí an Ghradaim Óir, atá déanta suas de bhaill dheonacha a bhain amach ceann amháin de na trí Ghradam Gaisce. Tá líonra sóisialta agus gairmiúil ag TÉÓ do theaghlach an Ghradaim i gcoitinne, rannpháirtithe, PALanna agus cairde den Ghradam san áireamh. Spreagann TÉÓ na sealbhóirí Gradaim leanúint ar aghaidh mar atá siad agus dul ar thuras nach gcríochnaíonn choíche ar an mbóthar barr feabhais.

Is iad seo a leanas aidhmeanna TÉÓ:

- Tacú le Gaisce – Gradam an Uachtaráin, le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chlár an Ghradaim.
- Fóram a sholáthar do bhuaiteoirí an Ghradaim lena dtuairimí a nochtadh faoi chúrsaí a bhaineann leis an nGradam agus leis na tuairimí sin a chur in iúl do Gaisce.
- Buaiteoirí an Ghradaim a spreagadh le bheith ina gceannairí ar Ghradam an Uachtaráin.
- Naisc a bhunú ar bhonn idirnáisiúnta le buaiteoirí an Ghradaim.
- Gníomhaíochtaí sóisialta agus eile a sholáthar do chomhaltaí lena bhforbairt phearsanta féin a chothú.

Le linn 2009 lean TÉÓ ag tacú leis an nGradam sa bhaile agus go hidirnáisiúnta trí eachtraí a reáchtáil san Eoraip, trí bheith rannpháirteach i dtíortha eile agus trí oiliúint a chur faoi shealbhóirí agus rannpháirtithe gradaim in Éirinn.

I measc na mbuaicphointí le linn na bliana bhí turais eachtraíochta Óir chuig Poblacht na Seice, an Rómáin, agus an tSlóivéin. Leanann sealbhóirí Ghradam na hÉireann ar aghaidh mar ionadaithe d'Éirinn ag na leibhéil is airde go hidirnáisiúnta laistigh de struchtúr an Ghradaim agus leis na comheagraíochtaí.

Delegates at the World Scout and Guide Conference in Iceland Janice Conway, Ireland, 2nd from left and Josie McGee 2nd right.

Tar Éis Óir

Tar Éis Óir (TÉÓ) is the Irish Award Holders Association, made up entirely of voluntary members who have completed one of the three Gaisce Awards. TÉÓ provides a social and professional network for the wider award family including participants, PALs and friends of the award. TÉÓ encourages Award holders to keep going as they have started and to continue on the never ending journey on the road to excellence.

TÉÓ's objectives are to:

- Support the President's Award in the further development of the Award programme.
- Provide a forum for the views of Award holders on Award related matters to be shared with Council.
- Encourage Award holders to become Award Leaders.
- Establish links with award holders internationally.
- Provide members with social and other activities for their continued personal development.

2009 was a year in which TÉÓ continued to support the Award at home and internationally through facilitation of expeditions in Europe, engagement with Award holders in other countries and training of award holders and participants in Ireland.

Highlights of the year included Gold level expeditions to the Czech Republic, Romania and Slovenia. Irish Award holders continue to represent Ireland at the highest levels internationally both within the Award structure and with partner organisations.

Gold Award holder Kerri McGuinness raises the tricolour at the peak of Cotopaxi in the Andes range of mountains in Equador.

Ghlac baill den TÉÓ páirt i ngníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha pearsanta, mar seo a leanas:

- Mar ionadaithe Gaisce agus ag déanamh bronntaí ag taispeántais
- Oiliúint i Scileanna Sléibhteoireachta
- Tionscadail sheirbhíse pobail deonaí leanúnacha
- Pleanáil d'eachtraí agus scileanna leighis

Bhí an sealbhóir Gradaim Óir Andrew Forde an-ghníomhach ag tús an phróisis leis an nGradam a fhorbairt in Kosovo.

Sa bhliain Iubhaile seo atá ag teacht, leanfaidh TÉÓ agus iad rannpháirteach le Gaisce ag gach leibhéal.

Cian Timmons
Cathaoirleach

Delegates at the International Award Forum in Sydney including Josie McGee and Janice Conway Pictured at front.

TÉÓ members have also taken part in training and professional development activities, including:

- Representing Gaisce and making presentations at exhibitions
- Mountain Skills training
- Continued voluntary community service projects
- Expedition planning and medical skills

Gold Award holder Andrew Forde has been instrumental in beginning the process of the development of the Award in Kosovo.

In the jubilee year ahead, TÉÓ will continue to engage with Gaisce at all levels.

Cian Timmons
Chairman

tar éis óir

Go hIdirnáisiúnta

Tá Gaisce ina bhall lánchreidiúnaithe a bhfuil ardmheas air de Chumann Idirnáisiúnta an Ghradaim (IAA) den *Duke of Edinburgh:* bratchomhlacht na gcaighdeán do na scéimeanna Gradaim atá ag feidhmiú i 129 tír agus limistéar ar fud an domhain. Toghadh Gaisce ar feadh trí bliana mar chomhalta de Chomhairle an IAA agus é ionadaíoch do réigiún Stáit Eorpacha, na Meánmhara agus Arabacha (EMAS) den Chumann. Bhí sealbhóirí Gradaim Gaisce ón Tuaisceart agus ón Deisceart rannpháirteach sa chomhdháil Eorpach ar bheartas don óige a phleanáil agus a sholáthar ina raibh baint ag ceannairí acadúla agus polaitiúla ó thíortha Eorpacha. Ghlac an Dr. Maurice Devlin, léachtóir sinsearach sa Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, páirt sa chomhdháil. Caitheadh an chéad íocaíocht de Stg£8,000 de Dheontas Idirnáisiúnta na dTionscadal Speisialta chun forbairt a dhéanamh ar chlár chun na hoiliúnóirí a chur faoi oiliúint do bhaill na gcomheagraíochtaí chun a gCeannairí féin de Ghradam an Uachtaráin (PALanna) a chur faoi oiliúint. Ghlac sealbhóirí Gradaim Gaisce páirt i ngníomhaíochtaí réigiún EMAS sa Ríocht Aontaithe, san Íoslainn, sa Tuirc, i bPoblacht na Seice, sa tSlóivéin agus san Fhionlainn. Ghlac sealbhóir Gradaim Óir agus ball de Tar Éis Óir ról ceannasaíochta leis an nGradam a fhorbairt don chéad uair in Kosovo. Bhí ionadaithe ag Gaisce ag Fóram Domhanda an IAA in Sydney nuair a ghlac beirt sealbhóirí Gradaim Óir agus an Príomhfheidhmeannach páirt ann. Bhí ionadaithe ag cruinniú bliantúil na Comhairle Idirnáisiúnta freisin.

Gaisce Chief Executive Barney Callaghan visiting Participants at the Cope Foundation in Cork.

International

Gaisce remains a fully accredited and highly respected member of the Duke of Edinburgh's International Award Association (IAA): the umbrella and standards body for Award schemes operating in 129 countries and territories Worldwide. Gaisce was elected for a three year term as a member of the Council of the IAA representing the European, Mediterranean and Arab States (EMAS) region of the Association. Gaisce Award holders from the North and South of Ireland participated in the planning and delivery of a European conference on youth policy involving academic and political leaders form European countries. Dr. Maurice Devlin, a senior lecturer in the Department of Applied Social Studies at NUI Maynooth participated in the conference. The first payment of the Stg£8,000 International Special Projects Grant was expended on developing a train the trainers programme for members of partner organisations to train their own President's Award Leaders (PALs). Gaisce Award holders participated in EMAS region activities in the UK, Iceland, Turkey, The Czech Republic, Slovenia and Finland. A Gold Award holder and Tar Éis Óir member took a lead role in developing the Award for the first time in Kosovo. Gaisce was represented at the IAAs World Forum in Sydney by two Gold Award holders and the Chief Executive. It was also represented at the International Council annual meeting.

Youth representatives to the International Award Association Josie McGee, Ireland pictured second right.

Gníomhaíochtaí an Ghradaim Le Linn na Bliana

Clár Oiliúna Eachtraí Óglaigh na hÉireann

Bhí an Clár Oiliúna Eachtraí ceithre lá a bhfuil móréileamh air, a d'eagraigh an 2ú Reisimint Airtléire Machaire ar siúl ó 21-24 Iúil 2009. Ghlac 26 duine óg páirt san imeacht inar tugadh blas den saol amuigh faoin aer agus léargas don saol mar shaighdiúir gairmiúil. Bhí sléibhte Chill Mhantáin mar chúlra do na bealaí fánaíochta, don treodóireacht, don ródadóireacht anuas, do na habhainn a thrasnú, cúrsaí oiliúna i gcúrsaí muiníne, cadhcáil agus scileanna loingseoireachta. Bhí clúdach sna meáin náisiúnta den imeacht agus dúirt na rannpháirtithe óga go raibh am ar dóigh acu. Ag deireadh na gceithre lá agus rannpháirtithe Gaisce ag ceapadh go mbeadh fánaíocht fhada rompu, bhí áthas orthu nuair a chonaic siad dhá héileacaptar den Aerchór chun iad a thabhairt abhaile. Bhronn Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann an Leifteanantghinearál Dermot Earley teastais chríochnúcháin ar na rannpháirtithe go pearsanta agus dúirt sé "Is clár forbartha pearsanta den scoth é Gradam an Uachtaráin do dhaoine óga. Cuireann sé go mór leis an dul chun cinn agus an dul in aibíocht a dhéanann siad mar dhaoine aonair agus feabhsaíonn sé a gcuid scileanna ceannasaíochta. Táimid an-bhródúil anseo in Óglaigh na hÉireann as an mbaint atá againn le Gaisce le níos mó ná 20 bliain."

Tá Gaisce – Gradam an Uachtaráin – fíorbhuíoch d'Óglaigh na hÉireann agus den fhoireann den 2ú Reisimint Airtléire Machaire leis an tacaíocht leanúnach a thugann siad do Gaisce agus dá chuid rannpháirtithe óga ó bunaíodh é in Éirinn.

Gaisce participants on the four day Adventure Training event with the Defence Forces.

Award Activities During the Year

Defence Forces Adventure Programme

The very popular four-day Adventure Programme, run by the 2nd Field Artillery Regiment took place from 21 to 24 July 2009. 26 young people participated in the event which provided a flavour of outdoor life and an insight into the life of a professional soldier. The challenging mountains of Wicklow were the backdrop for long hikes, orienteering, abseiling, river crossings, confidence training courses, kayaking and navigation skills. There was national media coverage of the event and the young participants said they had the time of their lives. At the end of the four days the Gaisce participants, expecting another long hike, were much relieved with the appearance of two Air Corp helicopters to take them home. The Chief of Staff of the Defence Forces Lt. Gen. Dermot Earley personally presented completion certificates to the participants and said that "Gaisce – The President's Award is a wonderful personal development programme for young people. It significantly contributes to their advancement and maturity as individuals and it ripens their leadership skills. We in the Defence forces are very proud of our more than 20-year association with Gaisce".

Gaisce – The President's Award is most grateful to the Defence Forces and the personnel of the 2nd Field Artillery for their ongoing support to Gaisce and its young participants since its inception in Ireland.

Avril McDonnell from Athenry Galway being presented with a Certificate of Completion of the four day Adventure Training with the 2nd Field Artillery Regiment by Lt.Gen. Dermot Early Chief of Staff of the Defense Forces.



Gold Awardee Tiedong Yang from China a student at Dublin Institute of Technology proudly shows his Gaisce Gold Award

CUID 2
TIOMSÚ AIRGID

SECTION 2
FUNDRAISING

Forbairt an Ghradaim á Maoiniú agus ag Tacú Léi

In 2009 rinneadh maoiniú ar an nGradam trí na nithe seo a leanas:

- Deontas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Tabhartais Chorparáideacha na gComhaltaí Comhairleacha
- Tabharthóirí Aonair

Comhaltaí Comhairleacha

Tagann an phríomhfhoinse tacaíochta maoinithe phríobháidigh ó Thabhartais Chorparáideacha na gComhaltaí Comhairleacha. Fuair Gaisce tacaíocht fhlaithiúil ó 8 gComhalta Comhairleacha, agus gan an tacaíocht uathu siúd ní bheadh an staid reatha forbartha bainte amach ag an nGradam. Is iad seo a leanas na Comhaltaí Comhairleacha in 2009:

Brother Ireland
Banc Ceannais na hÉireann
Cornmarket Financial Services
Deloitte & Touche
Diageo
H. J. Heinz Ireland
KPMG
PricewaterhouseCoopers

Foinsí Eile Maoinithe

Tháinig tacaíocht airgeadais eile uathu seo a leanas: Grúpa Bhanc na hÉireann, Glanbia plc., Tullow Oil plc. IAWS Aryzta, Nationwide Health Solutions agus The Jefferson Smurfit Foundation. Táimid an-bhuíoch díobh as an tacaíocht leanúnach a thugann siad dúinn.

Marion Irwin-Gowran of Gaisce facilitating a PAL Workshop for leaders in the Irish Red Cross including their Chief Executive and the Chairman of the National Youth Working Group

Funding and Supporting the Development of the Award

In 2009 the Award was funded by:

- A grant from the Department of Health and Children
- Advisory Member Corporate Donations
- Individual Donors

Advisory Members

The prime source of private funding support comes from Advisory Member Corporate Donors. Gaisce was generously supported by 8 Advisory Members, without whose support the Award would not have reached its current state of development.

The advisory members in 2009 were:

Brother Ireland
Central Bank of Ireland
Cornmarket Financial Services
Deloitte & Touche
Diageo
H. J. Heinz Ireland
KPMG
PricewaterhouseCoopers

Other Sources of Funding

Other financial support was received from: The Bank of Ireland Group, Glanbia plc., Tullow Oil plc. IAWS Aryzta, Nationwide Health Solutions and The Jefferson Smurfit Foundation to whom we are most grateful for their continuing support.

Gold Award Holder Emma Farrell on the Great Wall of China.

Tá sé mar pholasaí Gaisce cuntas a thabhairt go gníomhach agus go trédhearcach dár maoirseacht den Ghradam do na geallsealbhóirí a thugann airgead agus tacaíocht ghníomhach don Ghradam. Fáiltímid roimh gach fiosrú agus ceist i dtaobh fhorbairt an Ghradaim.

Is mian le Gaisce aitheantas a thabhairt dóibh seo a leanas agus buíochas a ghabháil leo as a gcuid tacaíochta:

- Oifig na nOibreacha Poiblí
- Óglaigh na hÉireann
- An Garda Síochána
- Northgate Arinso
- Brian Redmond, Stiúrthóir, eCision Systems
- Randal B. Counihan, Cleachtóir Sábháilteachta agus Sláinte Cairte
- Lucey Technologies
- Gaeleagras

Táimid fíorbhuíoch de gach duine a bhí rannpháirteach agus a thug tacaíocht dhíreach agus chomhchineáil do Gaisce.

Le linn na bliana lean Gaisce ag forbairt an ghaoil le Rásaíocht Capall Éireann, Cumann na nGalfairí Gairmiúla agus leis an bhFondúireacht RSVP.

Táimid fíorbhuíoch díobh as an spéis a léirigh siad agus tá súil againn forbairt a dhéanamh ar ghaolta atá comhthairbhiúil.

Lainseáil Nollaig Fahy a thionscadal 'Angels–Beacons of Hope' agus d'ainmnigh sé Gaisce – Gradam an Uachtaráin mar cheann amháin de na trí charthanas a bhí le hioncam a fháil ón ócáid tiomsaithe airgid a bhí aige sa chéad leath de 2010.

Is carthanas é Gaisce atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Joyce Synnott with her parents John and Mary pictured after receiving her Silver Gaisce Award in Brú Ború Cashel from Brian Crowley MEP, also pictured is Gaisce Chief Executive Barney Callaghan.

It is the policy of Gaisce to actively and transparently account for our stewardship of the Award to the stakeholders who donate and actively support the Award. We welcome all enquiries and questions relating to the development of the Award.

Gaisce would also like to acknowledge the support of and thank:

- The Office of Public Works
- The Defence Forces
- An Garda Síochána
- Northgate Arinso
- Brian Redmond, Director, eCision Systems
- Randal B. Counihan, Chartered Safety and Health Practitioner
- Lucey Technologies
- Gaeleagras

We are very grateful to all who supported Gaisce directly and in kind.

In the course of the year Gaisce continued the development of a relationship with Horse Racing Ireland, the Professional Golfers Association and the RSVP Foundation.

We are very grateful for their interest and look forward to the development of mutually beneficial relationships.

Nollaig Fahy launched his Angels–Beacons of Hope Project and nominated Gaisce The President's Award as one of the three charities to benefit from the proceeds of this fundraiser in the first half of 2010.

Gaisce is a registered charity with the Revenue Commissioners.

Gold Award holder Kerri McGuinness on the summit of Cotopaxi Mountain in the Andes, Equador.

Kildysart Community School students Hazel O'Donoghue, Sharon Meaney and Bríd O'Connell await the arrival of Taoiseach Brian Cowen T.D. to their school to present Gaisce Awards (Photograph by John Kelly, Clare Champion)

CUID 3

AN PHRÓIFÍL Á CUR CHUN CINN

SECTION 3

RAISING THE PROFILE

Cur Chun Cinn an Ghradaim

Eagraíodh 15 cheardlann agus rinne foireann Gaisce iad a éascú ar fud na tíre le 148 Ceannaire Ghradam an Uachtaráin (PALanna) rannpháirteach iontu. Le linn 2009 rinneadh tuilleadh mionchoigeartaithe ar na hathruithe a tharla san ábhar in 2007 agus a nuashonraíodh in 2008 agus tá na torthaí le feiceáil anois. Baineadh úsáid as Ionaid Oideachais leis na costais a laghdú.

Imeachtaí Poiblíochta

6-10 Eanáir	Seastán ag Taispeántas na nEolaithe Óga BT, RDS
5-6 Bealtaine	Seastán ag Taispeántas na Nuálaithe Sóisialta Óga san RDS
16-18 M. Fómhair	Seastán ag Taispeántas Irish Times Higher Options, RDS

Imeachtaí ar Leith

23 Eanáir	Athbhreithniú ar Phainéal Oiliúna Réigiúnach EMAS in Guilford
23-24 Feabhra	Comhdháil ar Bheartas don Óige in Windsor
28 Bealtaine	Lainseáil ghné Bhaile na Lobhar de ghaol HRI/Gaisce agus Rás na bPrintíseach de Gaisce – Gradam an Uachtaráin i mBaile na Lobhar
21-24 Iúil	Clár Oiliúna Eachtraí 4-Lá Óglaigh na hÉireann i Sléibhte Chill Mhantáin leis an 2ú Reisimint Airtléire Machaire d'Óglaigh na hÉireann
26-28 Iúil	Cuairt Staidéir Stáit Eorpacha, na Meánmhara agus Arabacha (EMAS) a rinne na Gardaí ar Acadamh Phóilíní na Tuirce
31 Iúil-9 Lúnasa	Turas Eachtraíochta in Alpa na Slóivéine
28 D. Fómhair -1 Samhain	Fóram Gradaim Idirnáisiúnta san Astráil

Promotion of the Award

A total of 15 workshops were organised and facilitated by Gaisce staff throughout the country with 148 President's Award Leaders (PALs) attending. The changes made in 2007 to the content and updated in 2008 have been further fine tuned during 2009 and are paying dividends. Education Centres were used in order to reduce costs.

Promotional Events

6-10 Jan	BT Young Scientists Exhibition in the RDS
5-6 May	The Young Social Innovators Exhibition in the RDS
16-18 Sept	Irish Times Higher Options Fair in the RDS

Special Events

23 January	EMAS Regional Training Panel Review in Guilford
23-24 February	IAA Youth Policy Conference at Windsor
28 May	Launch of Leopardstown element of HRI/Gaisce relationship and the Gaisce-The President's Award Apprentice Race at Leopardstown
21-24 July	Four-Day Defence Forces Adventure journey in the Wicklow Mountains with the 2nd Field Artillery Regiment
26-28 July	European Mediterranean and Arab States (EMAS) Study visit to the Turkish Police Academy by Gardaí
31 July-9 Aug	Slovenian Alps Adventure Journey
28 Oct-1 Nov	International Award Forum in Australia

Ellen Moran being presented with her Gold Award by President McAleese in Dublin Castle, also pictured is her President's Award Leader Dr.Catherine Sweeney a Gaisce Council member and Gold Award holder herself.

Searmanais Bhronnta Ghradaim

Dáta	Ionad	Bronntóir
31 Márta	Ór – Caisleán Bhaile Átha Cliath	An tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa
11 Bealtaine	Cré-Umha agus Airgead – Sligeach	Mickey Harte, CLG Thír Eoghain, *Bainisteoir Peile*
14 Bealtaine	Cré-Umha agus Airgead – Leitir Ceanainn	Eugene Donnelly, *Curadh Tiománaí Railí*
15 Bealtaine	Cré-Umha agus Airgead – Príosún Lár na Tíre	Barney Callaghan, *Príomhfheidhmeannach Gaisce*
19 Bealtaine	Cré-Umha agus Airgead – Caisleán an Bharraigh	Tommy Marren, *Léiritheoir le Raidió Iarthair Láir*
26 Bealtaine	Cré-Umha agus Airgead – An Cabhán	Sean Gallagher *ó Dragon's Den RTÉ*
4 Meitheamh	Cré-Umha agus Airgead – Baile an Irbhinigh, Co. Fhear Manach	William Sayers, *Gradam Duke of Edinburgh i dTuaisceart Éireann* agus Barney Callaghan, *Príomhfheidhmeannach, Gaisce*
3 Iúil	Cré-Umha – Fondúireacht Cope Corcaigh	Majella Killeen *Oifigeach Forbartha Réigiúnaí Gaisce*
9 Iúil	Cré-Umha – Ionad Doras Corcaigh	Barney Callaghan, *Príomhfheidhmeannach Gaisce*
28 M. Fómhair	Cré-Umha – Pobalscoil Chill an Dísirt, Co. an Chláir	*An Taoiseach* Brian Cowen T.D.

Award Presentation Ceremonies

Date	Venue	Presenter
31 March	Gold – Dublin Castle	President McAleese
11 May	Bronze and Silver – Sligo	Mickey Harte, *Tyrone GAA Football Manager*
14 May	Bronze and Silver – Letterkenny	Eugene Donnelly, *Champion Rally Driver*
15 May	Bronze and Silver – Midlands Prison	Barney Callaghan, *Gaisce Chief Executive*
19 May	Bronze and Silver - Castlebar	Tommy Marren. *Broadcaster with Mid West Radio*
26 May	Bronze and Silver – Cavan	Sean Gallagher *from RTE's Dragon's Den*
4 June	Bronze and Silver – Irvinestown Co. Fermanagh	William Sayers, *Duke of Edinburgh's Award in Northern Ireland* and Barney Callaghan, *Chief Executive, Gaisce*
3 July	Bronze – Cope Foundation Cork	Majella Killeen *Gaisce Regional Development Officer*
9 July	Bronze – Doras Centre Cork	Barney Callaghan, *Gaisce Chief Executive*
28 September	Bronze – Kildysart Community School Co. Clare	*An Taoiseach* Brian Cowen *T.D.*

'Mervue Citizens' Majella Killeen, Gaisce Regional Development Officer Cllr Declan McDonnell, Mayor of Galway city and Barney Callaghan, Chief Executive, Gaisce.

Rebekah Toner from Renmore Galway undertaking a rare forward abseil at Dalkey quarries.

22 D. Fómhair	Cré-Umha agus Airgead – An Muileann gCearr	Gareth O'Connor *Léitheoir Nuachta RTÉ*
2 Nollaig	Airgead – Caiseal, Co. Thiobraid	Árann Brian Crowley, FPE
7 Nollaig	Cré-Umha agus Airgead – Comhairleoir	Gaillimhe Declan McDonnell *Méara Chathair na Gaillimhe*
14 Nollaig	Airgead – Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Ian McKeever, *Sealbhóir Gradaim Óir Gaisce, Údar agus Sléibhteoir*

Comhghairdeas dóibh siúd uile a fuair gradaim, do na PALanna a bhí acu agus buíochas ar leith do na bronntóirí.

An Ghaeilge

Leanadh leis an bpolasaí atá ann chun an inniúlacht sa Ghaeilge a chur chun cinn agus foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2008, an leabhrán nua 'Go Discover' agus an Polasaí um Chosaint Leanaí i nGaeilge agus i mBéarla. Baineadh úsáid as seirbhísí aistriúcháin gairmiúla leis na doiciméid dhátheangacha a chur ar fáil agus thug Coiste Téarmaíochta Fhoras na Gaeilge tacaíocht freisin. Lean Gaeleagras ag tacú le Gaisce agus a chuid iarrachtaí leis an nGaeilge i rith na bliana.

Ag comóradh 25 bliain i 2010

Loveth Nwankwor, Niamh Murtagh, Ciara O'Grady, from Ardee Community School having received their Bronze Gaisce Awards pictured with Gaisce Council Member Niamh Clarke, presenter Gareth O'Connor RTE Broadcaster and President's Award Leader Marguerite Purcell.

22 October	Bronze and Silver – Mullingar	Gareth O'Connor *RTE Newscaster*
2 December	Silver – Cashel, Co Tipperary	Brian Crowley, MEP
7 December	Bronze and Silver - Galway	Councillor Declan McDonnell *Mayor of Galway City*
14 December	Silver – Trinity College Dublin	Ian McKeever, *Gaisce Gold Award Holder, Author and Mountaineer*

Congratulations to all of the Awardees, their PALs and grateful thanks to the presenters.

Gaeilge

The policy of promoting Irish language competency continued with the publication of the 2008 Annual Report, the new go Discover booklet and Child Protection Policy in Gaeilge and English. Professional translation services were used to produce bilingual documents and An Coiste Tearmaíochta of Foras na Gaeilge provided support. Gaeleagras continued to support Gaisce in its endeavours with the Irish language throughout the year.

Celebrating 25 years in 2010

Gaisce Bronze Awardees and their PALs from the Donaghies Community School, North Dublin.

Celebrating receiving their Gold Awards
L/R Stephen Kiely, Emma Farrell, Robert Gallagher, Kerri Mc Guinness, Helen Murphy, Ross Callaghan and Ellen Moran.

CUID 4
DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

SECTION 4
QUALITY ASSURANCE

Dearbhú Cáilíochta

Cuireadh an chéad chéim den chlár um dhearbhú cáilíochta i gcrích le linn na bliana agus cuireadh tús le tionscadal cónaithe agus próiseas comhaontaithe foirmiúil do ghníomhaíochtaí an Ghradaim Óir. Tá solúbthacht níos fearr ann anois leis an nGradam chomh maithe le rogha níos fearr do na rannpháirtithe agus do Cheannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) agus leis seo cuirtear feabhas ar an dóchúlacht go mbainfidh duine óg an Gradam amach. Cuireadh tús le córas fiúntais ina dtugtar crediúint sé mhí do shealbhóir Gradaim Cré-Umha atá ag iarraidh Gradam Airgid a bhaint amach agus do shealbhóir Gradaim Airgid atá ag iarraidh Gradam Óir a bhaint amach. Tá formáid na ceardlainne oiliúna nua do PALanna bunaithe anois le tamall anuas agus fuarthas roinnt mhaith aiseolais faoi le linn na bliana. Chríochnaigh 148 PAL san iomlán an cheardlann le linn na bliana. Tá na PALanna mar chroílár rath Gaisce agus tá ról lárnach acu agus clár forbartha pearsanta cáilíochta Gaisce á chur ar fáil do dhaoine óga. Le linn na bliana cuireadh Coiste um Dhearbhú Cáilíochta le chéile agus bhí siad gníomhach leis an gclár Cáilíochta atá acu.

De réir Rannpháirtithe an Ghradaim Óir...

Christine Carty
"D'éirigh liom oscailteacht agus tuiscint a fháil ar an domhan timpeall orm agus ar an dúshlán atá romham gur chóir an méid is féidir a bhaint as an saol agus gan é am a chur amú."

Ellen Moran
"Trí Ghradam Óir Gaisce d'fhoghlaim mé cé chomh hindéanta is atá sé rud a bhaint amach má dhíríonn tú d'intinn ar rud áirithe."

Laurence Doyle
"Fanfaidh na cuimhneacháin agus an taithí a fuair mé le roinnt mhaith blianta liom don saol agus leis na dúshláin saoil a bheidh romham cabhrófar liom agus déanfar mé a threorú tríothu."

Ross Callaghan
"Tá dearadh difriúil agam anois ar na rudaí beaga ar mhian liom a bhaint amach, mar shampla am a chur ar leataobh chun teanga a fhoghlaim."

Laura Clarke
"Mhothaigh mé gur bhain mé amach rud éigin agus ag an am céanna d'fhoghlaim mé rudaí nua, chomh maith le háiteanna nua a fheiceáil agus cairde a dhéanamh don saol."

Olivia Ahern, Denise Dowling and Amanda Kelly from St.Angela's College Sligo having been presented with their Gold Gaisce Awards by President McAleese in Dublin Castle, also pictured are their President's Award Leaders Bríd Brady and Denise Kenna.

Quality Assurance

The first phase of a quality assurance programme was completed during the year and saw the introduction of a residential project and a formal agreement process for activities for the Gold Award. The Award now offers greater flexibility and choice to participants and President's Award Leaders (PALs) and improves the probability of a young person completing the Award. A merit system was introduced which gives a six month credit to both a Bronze Award holder towards a Silver Award and a Silver Award holder towards a Gold Award. The new PALs training workshop format is now well established and has been the subject of much positive feedback during the year. A total of 148 PALs completed the workshop during the year. The PALs remain the key to the success of Gaisce and they play a significant part in the delivery of Gaisce's quality personal development programme for young people. During the year a Quality Assurance Committee was formed and they have been active on the Quality agenda.

What the Gold Award Participants Say...

Christine Carty
"I gained an openness and awareness to the world around me and to the challenge that life is there, not to be wasted, but to be fulfilled."

Ellen Moran
"Through the Gold Gaisce Award I learned how much it is possible to achieve if you put your mind to it."

Laurence Doyle
"The memories and experiences of the past years will remain with me for a lifetime and will help guide me through life's challenges."

Ross Callaghan
"I gained a different outlook on small things I would like to achieve, for example putting time aside to learn a language."

Laura Clarke
"I gained a sense of achievement at the same time as learning new things, seeing new places and making lasting friendships."

Iontrálaithe don Ghradam



An treocht	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Cré-umha	9,991	11,146	11,914	11,636	12,556	14,780
Airgead	1,284	1,129	1,326	1,262	1,359	1,550
Ór	298	365	354	301	336	337
Iomlán	**11,573**	**12,640**	**13,594**	**13,199**	**14,251**	**16,667**
Gradaim Tuillte	5,472	6,006	6,129	6,447	6,765	7,416

Cuireann 23% de na daoine óga uile isteach ar Ghradam Cré-Umha anois

Gaisce Awardees from the Brollagh Youth Club, Belleek Co. Fermanagh having been presented with their Awards by William Sayers from the Duke of Edinburgh's Advisory Committee, also pictured are Gaisce's Chief Executive Barney Callaghan and Ita Vesey Eduacation Officer owith the Western Education Library Board.

Entrants to the Award



The trend	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Bronze	9,991	11,146	11,914	11,636	12,556	14,780
Silver	1,284	1,129	1,326	1,262	1,359	1,550
Gold	298	365	354	301	336	337
Total	**11,573**	**12,640**	**13,594**	**13,199**	**14,251**	**16,667**
Awards Earned	5,472	6,006	6,129	6,447	6,765	7,416

23% of all young people in Ireland now enter for a Bronze Award.

Bronze participant Becky Kearney of Cork Schoolgirls Soccer Club playing ball with Gaisce's Barney Callaghan, looking on are Cork City's Deputy Lord Mayor Councillor John Buttimer, Cork County Deputy Mayor Councillor Councillor Noel O'Connor and Chief Scout Michael John Shinnick.

The Gaisce Council and local President's Award Leaders in Little Island Cork.

CUID 5
RIALACHAS

SECTION 5
GOVERNANCE

Rialachas

Cuireadh na cuntais iniúchta agus an Tuarascáil Bhliantúil do 2008 ar fáil taobh istigh den chéad leath den bhliain agus rinneadh dul chun cinn ar an obair le gach gné den bheartas agus nós imeachta Acmhainní Daonna a fheabhsú. Cuireadh tús leis an obair ar an mbunachar sonraí d'fhonn faisnéis bhainistíochta níos fearr a chur ar fáil sa todhchaí. Rinneadh dul chun cinn ar an obair le feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibriúcháin Gaisce le leathnú amach ar an úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide cuí. Tá córas grinnfhiosrúcháin na nGardaí a cuireadh i bhfeidhm mar chuid den Pholasaí um Chosaint Leanaí ag feidhmiú go hiomlán.

Tháinig Comhairle Gaisce le chéile seacht n-uaire le linn na bliana lena n-áirítear cruinniú i gCo. Chill Mhantáin áit ar chas siad le Ceannairí Ghradam an Uachtaráin áitiúla agus i gCorcaigh áit ar thug siad cuairt ar rannpháirtithe san Fhondúireacht Cope, Montenotte, agus áit ar chas siad le Ceannairí Ghradam an Uachtaráin áitiúla agus seanbhunaithe.

Lean ceithre choiste na Comhairle, Acmhainní Daonna, Tuaisceart Éireann, Rialachas, Airgeadas agus Iniúchadh agus Cáilíocht ar aghaidh trí mhaoirseacht a dhéanamh ar ghnó na heagraíochta leis an mballraíocht seo a leanas:

Coiste Acmhainní Daonna
John Hurley *Cathaoirleach*, Brian Collinge, Audrey Hagerty, Philip Jones, Nóirín Ni Mhaoldhomhnaigh, Sheila O'Keeffe

Coiste Thuaisceart Éireann
John McCormick *Cathaoirleach*, Niamh Clarke, Gerry Costigan, Sean Rogers

Coiste Rialachais, Airgeadais agus Iniúchta
Laurence Crowley *Cathaoirleach*, John Coonan, Ann Dunne, Pat Larkin, Catherine Sweeney

Coiste um Dhearbhú Cáilíochta
John McCormick *Cathaoirleach*, John Hurley, Dr. Catherine Sweeney

Gaisce participants from St. Columba's Comprehensive School Glenties Co. Donegal on their Silver cycling venture in France with their President's Award Leader Gerry Moore.

Governance

Audited accounts and the Annual Report for 2008 were delivered within the first half of the year and work on enhancing all aspects of Human Resource policy and procedure was progressed. Work commenced on the data base with a view to providing better management information in the future. A suite of Human Resource policies and a safety statement were prepared throughout the year. Work on improving Gaisce's operational efficiency and effectiveness progressed with the extension of the use of appropriate information communications technology. The Garda Vetting system put in place as part of Child Protection Policy is in full operation.

The Gaisce Council met on seven occasions during the year including a meeting in Co. Wicklow where they met with local President Award Leaders and in Cork where they visited participants In the Cope Foundation, Montenotte and met longstanding local President's Award Leaders.

The Council's four committees, Human Resources, Northern Ireland, Governance, Finance and Audit and Quality continued to oversee the business of the organisation with the following membership:

Human Resources Committee
John Hurley *Chairman*, Brian Collinge, Audrey Hagerty, Philip Jones, Nóirín Ni Mhaoldhomhnaigh, Sheila O'Keeffe

Northern Ireland Committee
John McCormick *Chairman*, Niamh Clarke, Gerry Costigan, Sean Rogers

Governance, Finance and Audit Committee
Laurence Crowley *Chairman*, John Coonan, Ann Dunne, Pat Larkin, Catherine Sweeney

Quality Committee
John McCormick *Chairman*, John Hurley, Dr. Catherine Sweeney

Gaisce Gold Award holder Karen Hardiman and her skydiving instructor dropping by!

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2009

	2009 €	2008 €
Ioncam		
Deontas – An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	882,900	956,000
Ioncam ó thabhartais agus tiomsú airgid	157,809	247,600
Táillí na rannpháirtithe	77,865	77,687
Ilnithe	539	471
Ús tuillte	934	4,678
	1,120,047	1,286,436
Caiteachas		
Costais fostaíochta	654,674	687,372
Taisteal agus cothabháil	68,224	91,328
Forchostais agus caiteachas oifige	61,677	57,789
Cur chun cinn an Ghradaim	156,916	206,830
Caiteachas eile	133,220	167,925
	1,074,711	1,211,244
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	45,336	75,192
CISTÍ TEORANTA – TUAISCEART ÉIREANN		
Ioncam		
Cistí tiomsaithe do Thuaisceart Éireann	21,630	17,708
Caiteachas		
Caiteachas Thuaisceart Éireann	(21,630)	(17,708)
Barrachas/(easnamh) ar chistí teoranta Thuaisceart Éireann	–	–
Barrachas iomlán/(easnamh) don bhliain	45,336	75,192
Cúlchistí ag tús na bliana	240,319	165,127
Cúlchistí ag deireadh na bliana	285,655	240,319

D'eascair ioncam agus caiteachas as oibríochtaí leanúnacha amháin. Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta seachas iad siúd a ndéileáiltear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Income and Expenditure Account

Year Ended 31 December 2009

	2009 €	2008 €
Income		
Grant – Department of Education and Science	882,900	956,000
Donation income and fundraising	157,809	247,600
Participants fees	77,865	77,687
Sundry	539	471
Interest earned	934	4,678
	1,120,047	1,286,436
Expenditure		
Employment costs	654,674	687,372
Travel and subsistence	68,224	91,328
Office overheads and expenditure	61,677	57,789
Award promotion	156,916	206,830
Other expenditure	133,220	167,925
	1,074,711	1,211,244
Surplus on ordinary activities	45,336	75,192
RESTRICTED FUNDS – NORTHERN IRELAND		
Income		
Funds raised for Northern Ireland	21,630	17,708
Expenditure		
Northern Ireland expenditure	(21,630)	(17,708)
Surplus/(deficit) on the restricted Northern Ireland funds	–	–
Total surplus/(deficit) for year	45,336	75,192
Reserves at beginning of year	240,319	165,127
Reserves at end of year	285,655	240,319

Income and expenditure arose solely from continuing operations. There were no recognised gains or losses other than those dealt with in the income and expenditure account.

Clár Comhardaithe

Ag 31 Nollaig 2009

	2009 €	2008 €
Sócmhainní seasta		
Sócmhainní seasta inláimhsithe	9,284	11,344
Sócmhainní reatha		
Stoc	14,300	36,341
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	32,794	56,063
Airgead sa bhanc agus ar láimh	441,825*	377,580
	488,919	469,984
Creidiúnaithe – suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin		
Creidiúnaithe agus fabhruithe	51,537	66,515
Ioncam iarchurtha	161,011	174,494
	(212,548)	(241,009)
Glansócmhainní reatha	276,371	228,975
Glansócmhainní	285,655	240,319
Arna ionadú ag:		
Cúlchistí	285,655	240,319
tabhair faoi deara: tá €161,011 de teorannaithe sa bhliain reatha	285,655	240,319

Is sliocht as Cuntais Iniúchta Gaisce – Gradam an Uachtaráin – iad na cuntais thuas a bhfuil tuairisciú déanta ag PricewaterhouseCoopers orthu gan forchoimeádas.

Thar ceann na comhairle

An Dr. Laurence Crowley
Cathaoirleach

John McCormick
Leas-Chathaoirleach

24 Feabhra 2010

Balance Sheet

At 31 December 2009

	2009 €	2008 €
Fixed assets		
Tangible fixed assets	9,284	11,344
Current assets		
Stock	14,300	36,341
Debtors and prepayments	32,794	56,063
Cash at bank and in hand	441,825*	377,580
	488,919	469,984
Creditors – amounts falling due within one year		
Creditors and accruals	51,537	66,515
Deferred income	161,011	174,494
	(212,548)	(241,009)
Net current assets	276,371	228,975
Net assets	285,655	240,319
Represented by:		
Reserves	285,655	240,319
* note: of which €161,011 is restricted In the current year	285,655	240,319

The above accounts are an extract from the Audited Accounts of Gaisce – The President's Award upon which PricewaterhouseCoopers have reported without reservation

On behalf of the council

Dr. Laurence Crowley
Chairman

John McCormick
Vice-Chairman

24 February 2010

awards go to...
Irish Independent
THE SLIGO CHAMPION
20 NEWS
Boss Harte hands Gaisce awards to Sligo students
proud recipients of Gaisce awards
An Gaisce
GAISCE AWARDS
LOOKING BACK ON ANOTHER IRISH YEAR
REGIONAL NEWS
IRISH DAILY STAR
news
All aboard: Moyne College students go for gold
medals presentation
Gaisce
Gaisce medal success for Ballina students
Glenties students cycle through Somme battlefields in fund-raising challenge
President's award for Riversdale students
SHERKIN COMMENT 2009

Sonraí Teagmhála

An Phríomhoifig:
Gaisce – Gradam an Uachtaráin
Na Seomraí Stáit
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Teil: 00 353 (0)1 4758746
Facs: 00 353 (0)1 4758749
Suíomh Gréasáin: www.gaisce.ie
R-phost: mail@gaisce.ie

Béal Feirste:
Miceal Maguire

Teil: 00 44 (0)78 25169632
R-phost: micealmaguire@btinternet.com

Oifig an Iarthuaiscirt:
A chlúdaíonn: Dún na nGall, Liatroim, Sligeach, Gaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin

R-phost: mkilleen@gaisce.ie

Oifig an Oirthuaiscirt:
A chlúdaíonn: an Cabhán, an Lú, Laois, An Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, An Iarmhí agus An Longfort

R-phost: myore@gaisce.ie

Tar Éis Óir:
R-phost: tareisoir@gmail.com
Suíomh Gréasáin: www.tareisoir.org

Contact Information

Head Office:
Gaisce – The President's Award
The State Apartments
Dublin Castle
Dublin 2

Tel: 00 353 (0)1 4758746
Fax: 00 353 (0)1 4758749
Website: www.gaisce.ie
Email: mail@gaisce.ie

Belfast:
Miceal Maguire

Tel: 00 44 (0)78 25169632
Email: micealmaguire@btinternet.com

North West Office:
Covering: Donegal, Leitrim, Sligo, Galway, Mayo and Roscommon

Majella Killeen Mobile: 087 962 4799
Email: mkilleen@gaisce.ie

North East Office:
Covering: Cavan, Louth, Laois, Meath, Monaghan, Offaly, Westmeath and Longford

Mary Yore: 087 242 6293
Email: myore@gaisce.ie

Tar Éis Óir:
Email: tareisoir@gmail.com
Website: www.tareisoir.org

Gaisce the President's Award

THE INTERNATIONAL AWARD FOR YOUNG PEOPLE

www.intaward.org

Printed on recycled paper